

Trí scéal nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim.



1. Cé a dúnmharaíodh i mBéal Feirste cúpla lá ó shin?
2. Cén fáth nach bhfuil breis is ceithre chéad post i mbaol i Luimneach a thuilleadh?
3. Cén cineál ainmhí a bhí ar strae i mBéal Feirste le déanaí?

Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- investigating _____
- was stabbed _____
- 45 years old _____
- gang _____
- sanctions _____
- annul, abolish _____
- decision _____
- natural habitat _____
- Far East _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

Scéal 1	
Scéal 2	

Scéal 3	
---------	--

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 Samhlaigh gur iriseoir tú.

Roghnaigh scéal amháin agus scríobh síos cúig cheist, ar a laghad, faoin scéal sin le cur ar an duine in aice leat.

Beidh an duine sin ag cur ceisteanna ortsa freisin faoi cheann amháin de na scéalta.

Ceist 5 Éist leis an dara scéal arís. Breac síos gach sampla den séimhiú a chloiseann tú ann.

Bí in ann cúis gach séimhithe a mhíniú!

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. An mbeidh Éire aontaithe sa todhchaí, dar leat? Mínigh.
2. Is olagarc Rúiseach é úinéir *Aughinish Alumina*, atá an-chairdiúil le Vladimir Putin. Ar cheart go gcuirfeadh an fhíríc seo isteach ar mhuintir na háite? Cén fáth?
3. Cén fáth a bhfuil an panda rua i mbaol sa Chianoirthear, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

investigating	<i>i mbun fiosraithe</i>
was stabbed	<i>sádh</i>
45 years old	<i>cúig bliana agus dhá scór</i>
gang	<i>buíon</i>
sanctions	<i>smachtbhannaí</i>
annul, abolish	<i>cuir ar neamhní</i>
decision	<i>cinneadh</i>
natural habitat	<i>gnáthóg dhúchais</i>
Far East	<i>Cianoirthear</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Cleachtadh scríbhneoireachta agus cainte é seo.

Ceist 5

‘do mhuintir’: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **do**.

‘do mhuintir **thuaisceart Chiarraí**’: séimhítear ainmfhocal cinnte sa tuiseal ginideach i ndiaidh ainmfhocal eile.

‘faoi **mhórfhostóir**’: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **faoi**.

‘faoi **mhórfhostóir**’: I gcomhfhocal ina bhfuil réimír á leanúint ag ainmfhocal, cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal sin.

‘mar **thoradh**’: séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis **mar**.

‘ceithre **chéad**’: Leanann séimhiú na bunuimhreacha 2-6.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Scéal 1

Tá póilíní i dTuaisceart Éireann i mbun fiosraithe faoi dhúnmharú aréir in oirthear Chathair Bhéal Feirste. Buailleadh agus sádh Ian Ogle, a bhí cúig bliana agus dhá scór. Ionsaí barbartha a bhí ann a deir na póilíní. I gceantar dílseach a bhí cónaí air, in aice le lár na cathrach. Meastar go mb'fhéidir gur buíon dílseoirí ba chúis leis an ionsaí.

Tá an UVF in oirthear Bhéal Feirste tar éis marú Ian Ogle a cháineadh go láidir.

Scéal 2

Údar misnigh do mhuintir iarthar Luimnigh agus thuaisceart Chiarraí agus dea-scéala tagtha go hoifigiúil as Meiriceá faoi mhórfhostóir sa réigiún sin. Tá an Rialtas sna Stáit Aontaithe tar éis smachtbhannaí a bhí i bhfeidhm ar an gcomhlacht Rúiseach, Rusal, a chur ar neamhní.

Is leis na Rúisigh *Aughinish Alumina* agus mar thoradh ar an gcinneadh thar oíche, níl éiginnteacht chomh mór a thuilleadh faoin gceithre chéad seasca post sa monarcha sin.

Faoiseamh freisin é do lucht eile gnoithe¹ sa gceantar a bhíonn ag soláthar ábhair do *Aughinish Alumina*.

Scéal 3

Anois tá Zú Bhéal Feirste sásta agus panda rua a bhí tar éis éalú as an zú inné, faighte arís. Beagáinín níos mó ná cat atá an panda rua. Ainmí gan urchóid é, a deir an zú ach gan é a scanrú. Mianach² é atá go mór i mbaol ina ghnáthóg dhúchais sa tSín agus in áiteanna eile sa gCianoirthear.

¹ *lucht gnó* an leagan caighdeánach

² Ciallaíonn *mianach* 'breed' i gcanúint Chonnachta